



Uimhir 23 de 1991

Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 23 de 1991

**ACHT NA gCÚIRTEANNA (FORÁLACHA
FORLÍONTACHA) (LEASÚ), 1991**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Leathnú ar an míniú ar “seirbhís” sa Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
3. Laethanta a áireamh i dteannta blianta iomlána chun críocha pinsean.
4. Pinsin chéilí agus leanaí a sholáthar.
5. Pinsin a sholáthar tráth scartha go luath le hoifig agus blianta breise a cheannach.
6. Sriantha maidir le pinsin a fhéadfar a sholáthar le rialacháin faoi alt 5.
7. Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
8. Leasú ar alt 2 d’Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961.
9. Leasú ar alt 4 d’Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961.
10. Tosach feidhme ailt 2, 3 agus 8.
11. Íocaíochtaí aoisliúntais áirithe a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste agus íocaíochtaí agus caiteachais i gcoitinne.
12. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

[Uimh. 23.] *Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991.* [1991.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936	1936, Uimh. 48
Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961	1961, Uimh. 16
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	1961, Uimh. 39
Acht na gComhphobal Eorpach, 1972	1972, Uimh. 27
An tAcht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963	1963, Uimh. 24



Uimhir 23 de 1991

**ACHT NA gCÚIRTEANNA (FORÁLACHA
FORLÍONTACHA) (LEASÚ), 1991**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I nDÁIL LE SOCHAIR
AOISLIÚNTAIS A DHEONÚ DO BHREITHIÚNA, DO
GHIÚISTÍSÍ AGUS D'OIFIGIGH ÁIRITHE CÚIRTE NÓ INA
LEITH AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO LEASÚ ACHT
NA gCÚIRTEANNA (FORÁLACHA FORLÍONTACHA),
1961, AGUS ACHT NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS
AGUS NA nOIFIGEACH CÚIRTE (AOISLIÚNTAS), 1961,
AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE EILE A
BHAINNEANN LEIS AN MÉID SIN. [16 *Iúil*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “Acht 1936” an tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936;

ciallaíonn “breitheamh”, mar a n-úsáidtear gan cháiliú é, breitheamh den
Chúirt Uachtarach, breitheamh den Ard-Chúirt nó breitheamh den Chúirt
Chuarda;

ciallaíonn “giúistís”, mar a n-úsáidtear gan cháiliú é, breitheamh den
Chúirt Dúiche;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “an Príomh-Acht” Acht na gCúirteanna (Forálacha
Forlíontacha), 1961;

déanfar “seirbhís”, sa mhéid go mbeidh feidhm ag an bhforáil ina bhfuil
an focal sin—

- (a) maidir le breitheamh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt, a fhorléiriú de réir mhír 1 den Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht;
- (b) maidir le breitheamh den Chúirt Chuarda, a fhorléiriú de réir mhír 4 den Sceideal sin;
- (c) maidir le giúistís, a fhorléiriú de réir mhír 7 den Sceideal sin (arna leasú le halt 33 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963); agus
- (d) maidir le duine atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte, Mháistir Fómhais nó chláraitheora contae, a fhorléiriú de réir alt 57 (3) den Phríomh-Acht.

(2) San Acht seo—

- (a) déanfar tagairtí do luach saothair breithimh nó giúistís a fhorléiriú mar thagairtí do luach saothair an bhreithimh nó an ghiúistís an tráth a scarann sé lena oifig; agus
- (b) déanfar tagairtí do luach saothair duine atá i seilbh aon oifige eile a luaitear san Acht seo a fhorléiriú mar thagairtí don luach saothair i leith na hoifige sin an tráth a scoireann an duine sin de bheith ina seilbh.

(3) San Acht seo forléireofar tagairt d’aon achtachán mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna leathnú nó arna oiriúnú le haon achtachán, nó faoi aon achtachán, dá éis sin (lena n-áirítear an tAcht seo).

Leathnú ar an míniú ar “seirbhís” sa Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

2.—Sa Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht, forléireofar an míniú ar “seirbhís”—

- (a) i mír 1, i gcás breithimh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt a scarfaidh lena oifig ar theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis sin, mar mhíniú a fholaíonn aon tréimhse a raibh sé, lena linn, ag gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Chuarda faoi alt 14 d’Acht 1936 (ina ndéantar foráil le haghaidh daoine a cheapadh go sealadach chun gníomhú mar bhreithiúna den Chúirt Chuarda);
- (b) i mír 4, i gcás breithimh den Chúirt Chuarda a scarfaidh lena oifig ar theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis sin, mar mhíniú a fholaíonn aon tréimhse a raibh sé, lena linn, ag

gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Chuarda faoin alt sin 14; agus

- (c) i mír 7, i gcás giúistís a scarfaidh lena oifig ar theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis sin, mar mhíniú a fholaíonn aon tréimhse a raibh sé, lena linn, ag gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi alt 51 d'Acht 1936 (ina ndéantar foráil le haghaidh daoine a cheapadh go sealadach chun gníomhú mar bhreithiúna den Chúirt Dúiche).

3.—(1) I gcás breithimh nó giúistís a mbeidh, ar scaradh dó lena oifig ar theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis sin, cúig bliana seirbhíse nó níos mó ach, i gcás breithimh, níos lú ná 15 bliana seirbhíse nó, i gcás giúistís, níos lú ná 20 bliain seirbhíse, tugtha aige agus go bhfuil lá nó laethanta ar áireamh ina chuid seirbhíse i dteannta uimhir de bhlianta iomlána, déanfar an pinsean is iníoctha leis an mbreitheamh nó leis an ngiúistís sin, de réir mar a bheidh, de bhun an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht, a mhéadú—

Laethanta a áireamh i dteannta blianta iomlána chun críocha pinsean.

- (a) i gcás breithimh, de mhéid a mbeidh idir é agus an fichiú cuid dá luach saothair an chomhréir chéanna atá idir an lá nó an uimhir laethanta a dúradh agus bliain amháin, agus
- (b) i gcás giúistís, seachas breitheamh dá dtagraítear i mír (c) den fho-alt seo, de mhéid a mbeidh idir é agus an tríochadú cuid dá luach saothair an chomhréir chéanna atá idir an lá nó an uimhir laethanta a dúradh agus bliain amháin, agus
- (c) i gcás breitheamh lena mbaineann mír 10 den Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht, de mhéid a mbeidh idir é agus an daicheadú cuid dá luach saothair an chomhréir chéanna atá idir an lá nó an uimhir laethanta a dúradh agus bliain amháin.

(2) I gcás duine atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte, Mháistir Fómhais nó chláraitheora contae do scor de bheith i seilbh oifige, ar theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis sin, tar éis cúig bliana seirbhíse nó níos mó (ach níos lú ná 20 bliain seirbhíse den sórt sin) a bheith tugtha aige in oifig nó in oifigí acu sin agus go bhfuil lá nó laethanta ar áireamh ina chuid seirbhíse i dteannta uimhir de bhlianta iomlána, déanfar an pinsean is iníoctha leis an duine sin de bhun alt 57 den Phríomh-Acht a

mhéadú de mhéid a mbeidh idir é agus an tríochadú cuid dá luach saothair an chomhréir chéanna atá idir an lá nó an uimhir laethanta a dúradh agus bliain amháin.

Pinsin chéilí agus leanaí a sholáthar.

4.—(1) (a) Aon tagairtí do bhreitheamh i bhfo-ailt (2) agus (3) (seachas míreanna (a) agus (b)(ii) den fho-alt sin) den alt seo, forléireofar iad mar thagairtí a fholáionn tagairtí do dhuine a bheidh ceaptha chun gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Chuarda faoi alt 14 d'Acht 1936.

(b) Aon tagairtí do ghiúistís i bhfo-ailt (2) agus (3) (seachas míreanna (a) agus (b)(iii) den fho-alt sin) den alt seo, forléireofar iad mar thagairtí a fholáionn tagairtí do dhuine a bheidh ceaptha chun gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi alt 51 d'Acht 1936.

(2) Faoi réir fho-alt (3) den alt seo, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt, a fhoráil le rialacháin go ndéanófar pinsean d'aon duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas, is é sin le rá—

(a) céile breithimh nó giúistís, agus

(b) céile duine atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte, Mháistir Fómhais nó chláraitheora contae,

nó aon leanbh nó leanaí dá chuid, ar é d'fháil bháis (cibé acu le linn dó bheith fós i seilbh oifige nó dá éis sin).

(3) Forálfar i rialacháin faoi fho-alt (2) den alt seo gur i gcomaoin na nithe seo a leanas a dheonófar pinsean faoin bhfo-alt sin—

(a) íoc ranníocaí ag an mbreitheamh, ag an ngiúistís nó ag an oifigeach (de réir mar a bheidh) de réir an ráta nó na rátaí a bheidh sonraithe ó am go ham leis na rialacháin, nó

(b) más rud é, faoi réim agus de réir na rialachán, go mbaineann méid iomlán, nó aon chuid de mhéid, pinsin a dheonófar faoi na rialacháin—

- (i) le seirbhís bharúlach an bhreithimh, an ghiúistís nó an oifigigh (de réir mar a bheidh) mar bhreitheamh, giúistís nó oifigeach den sórt sin, nó
- (ii) le haon tréimhse, i gcás breithimh, nó leis an tréimhse, i gcás duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) den alt seo, a raibh an breitheamh nó an duine ag gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Chuarda faoi alt 14 d'Acht 1936 lena linn, nó
- (iii) le haon tréimhse, i gcás giúistís, nó leis an tréimhse, i gcás duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) den alt seo, a raibh an giúistís nó an duine ag gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi alt 51 den Acht sin lena linn,

laghdú a dhéanamh, a mhéid a bheidh sonraithe sna rialacháin, ar mhéid aon aisce a ndéantar foráil le halt 2 nó 4 d'Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961, nó le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 5 (1)(a) nó (1)(b) den Acht seo, dá deonú don bhreitheamh, don ghiúistís nó don oifigeach (de réir mar a bheidh) nó dá ionadaí pearsanta.

- (4) (a) Féadfar a fhoráil, le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, go dtiocfaidh na rialacháin i ngníomh, maidir le breitheamh, giúistís, oifigeach nó duine eile lena mbaineann an fo-alt seo, ar dháta roimh an dáta ar a ndéantar iad.

(b) Baineann an fo-alt seo—

- (i) le breitheamh, giúistís nó oifigeach atá, nó a bhí díreach roimh bhás dó, ina chomhalta de scéim arna riar ag an Aire Dlí agus Cirt agus ag an Aire Airgeadais ar a dtugtar an Scéim Pinsean Ranníocach do Chéilí agus Leanaí Breithiúna, Giúistísí, Mháistrí na hArd-Chúirte, Máistrí Fómhais agus Cláraitheoirí Contae, agus
- (ii) le duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo.

5.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt, rialacháin a dhéanamh:

Pinsin a sholáthar tráth scartha go luath le hoifig agus blianta breise a cheannach.

- (a) ina ndéanfar foráil chun pinsean (lena n-áirítear aisce tráth báis) a dheonú, faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar sna rialacháin, do bhreitheamh nó do ghiúistís, nó i leith breithimh nó giúistís, a scarfaidh lena oifig tar éis cúig bliana seirbhíse nó níos mó agus nach bhfuil i dteideal go ndeonófaí pinsean dó faoin Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht;
- (b) ina ndéanfar foráil chun pinsean (lena n-áirítear aisce tráth báis) a dheonú, faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar sna rialacháin, do dhuine, nó i leith duine, atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte, Mháistir Fómhais nó chláráitheora contae agus a scoirfidh de bheith i seilbh oifige tar éis cúig bliana seirbhíse nó níos mó in oifig nó in oifigí acu sin agus nach bhfuil cáilithe le haghaidh pinsin faoi alt 57 den Phríomh-Acht;
- (c) ina ndéanfar foráil maidir le ceannach seirbhíse barúlaí, faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar sna rialacháin, ag breitheamh nó giúistís, ar lánchostas achtúireach don duine sin, chun pinsean de mhéid méadaithe a sholáthar dó;
- (d) ina ndéanfar foráil maidir le ceannach seirbhíse barúlaí, faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar sna rialacháin, ag duine atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte, Mháistir Fómhais nó chláráitheora contae, ar lánchostas achtúireach don duine sin, chun pinsean de mhéid méadaithe a sholáthar dó;
- (e) (i) i gcás duine dá dtagraítear i mír (a) nó (b) den fho-alt seo a cheapfar, tar éis dó scaradh lena oifig nó scor dá oifig, chun oifige nó poist díolaíochta in institiúid de chuid na gComhphobal Eorpach (de réir bhrí Acht na gComhphobal Eorpach, 1972), ina ndéantar foráil maidir leis an Aire d'íoc suime leis an institiúid sin, faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar sna rialacháin agus chun críocha scéime nó comhshocraíochta lena mbaineann an mhír seo, ar suim í arb ionannas di, i dtuairim an Aire, luach caipitiúil, ar bhonn achtúireach, an phinsin a thiocfadh chun bheith iníoctha leis an duine sin, nó i leith an duine sin, de bhun rialachán faoin mír sin (a) nó (b) (de réir mar is cuí).

- (ii) baineann an mhír seo le haon scéim nó comhshocraíocht (cibé ainm a thugtar uirthi) faoina mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha ag institiúid den sórt a dúradh leis an duine, nó i leith an duine, a cheapfar chun na hoifige nó an phoist díolaíochta lena mbaineann.

(2) I gcás go n-íocfaidh an tAire suim de bhun rialachán arna ndéanamh faoi fho-alt (1)(e) den alt seo, ní dheonófar aon phinsean ná aisce faoi Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1991, nó faoi rialacháin arna ndéanamh fúthu, don duine nó i leith an duine lena mbaineann an íocaíocht.

(3) I gcás go bhforáiltear i rialacháin faoin alt seo go ndeonófar aisce ar dhuine dá dtagraítear san alt seo d'fháil bháis, deonófar an aisce d'ionadaí pearsanta an duine sin.

(4) Féadfar a fhoráil i rialacháin faoin alt seo go dtiocfaidh na rialacháin i ngníomh ar dháta roimh an dáta ar a ndéantar iad.

6.—(1) Ní fhorálfar i rialacháin faoi alt 5 den Acht seo go ndeonófar Pinsean a luaitear i bhfo-alt (1)(a) nó (1)(b) den alt sin—

Srianta maidir le pinsin a fhéadfar a sholáthar le rialacháin faoi alt 5.

(a) do bhreitheamh nó giúistís, nó i leith breithimh nó giúistís, ar shlí seachas—

- (i) i gcás breithimh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt, ar 72 bhliain d'aois a bheith slánaithe aige nó, i gcás breithimh den Chúirt Chuarda, ar 70 bliain d'aois, nó, i gcás giúistís, ar 65 bliana d'aois, a bheith slánaithe aige, nó

(ii) más rud é, i gcás breithimh, go mbeidh 15 bliana caite—

(I) ó dháta a cheaptha chun na hoifige ar scar sé léi, nó

(II) ó dháta a cheaptha chun na chéad oifige inar fhóin sé (i gcás seirbhís i mbreis agus oifig amháin a bheith i gceist ina chuid seirbhíse),

ar 65 bliain d'aois ar a laghad a bheith slánaithe aige, nó

(iii) ar é d'fháil bháis; agus

(b) do dhuine, nó i leith duine, atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte, Mháistir Fómhais nó chláraitheora contae ar shlí seachas ar 65 bliana d'aois a bheith slánaithe aige nó ar é d'fháil bháis.

(2) D'ainneoin fhorálacha fho-alt (1) den alt seo maidir le haois nó imeacht aimsire, más rud é, i gcás breitheamh, giúistís nó oifigeach lena mbaineann rialacháin arna ndéanamh faoi alt 5(1)(a) nó (1)(b) den Acht seo—

(a) go n-éireoidh sé breoite tar éis dó scaradh lena oifig nó scor de bheith i seilbh oifige, agus

(b) go gcinntídh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt, gurb amhlaidh, dá mbeadh an breitheamh, an giúistís nó an t-oifigeach tar éis leanúint in oifig, go mbeadh scartha aige lena oifig nó go mbeadh scortha aige de bheith i seilbh oifige ar ócáid a bhreiteachta,

ansin, féadfaidh an tAire, más dóigh leis go bhfuil sé cóir agus cothrom, sna himthosca go léir, é sin a dhéanamh, a údarú pinsin dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo a dheonú dó.

(3) Maidir le haon deonú pinsin a údaraíonn an tAire faoi fho-alt (2) den alt seo—

(a) glacfaidh sé éifeacht ón dáta a ndéantar an cinneadh dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin, agus

(b) measfar gur de bhun rialachán arna ndéanamh faoi alt 5(1)(a) nó (1)(b) (de réir mar a bheidh) den Acht seo a dhéantar é.

(4) Ní dhéanfaidh rialacháin faoi alt 5(1)(c) nó (1)(d) den Acht seo foráil le haghaidh ceannach seirbhíse barúlaí de chineál a thabharfadh teideal do bhreitheamh, do ghiúistís nó d'oifigeach (de réir mar a bheidh) chun pinsin is mó ná dhá thrian dá luach saothair.

(5) (a) Leasaítear leis seo fo-alt (6) d'alt 46 den Phríomh-Acht (ina bhforáiltear go ndéanfar íoc pinsin faoin Acht sin le

breitheamh nó giúistís a chealú, go hiomlán nó go páirteach, in imthosca áirithe) trí “nó faoi rialacháin arna ndéanamh de bhun alt 5(1)(a) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991,” a chur isteach i ndiaidh “ag fáil pinsin faoin Acht seo”.

(b) Leasaítear leis seo fo-alt (2) d’alt 57 den Phríomh-Acht (ina bhforáiltear go ndéanfar íoc pinsin faoin alt sin le Máistir na hArd-Chúirte, Máistir Fómhais nó cláraitheoir contae a chealú, go hiomlán nó go páirteach, in imthosca áirithe) trí “nó faoi rialacháin arna ndéanamh de bhun alt 5(1)(b) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991,” a chur isteach i ndiaidh “ag fáil pinsin faoin alt seo”.

7.—(1) Gach rialachán a dhéanfar faoi alt 4 (2) a bhaineann le céile breithimh, giúistís nó duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt sin nó le haon leanbh dá chuid, nó a dhéanfar faoi alt 5(1)(a) nó (1)(c) den Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithé is féidir tar éis a dhéanta.

Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

(2) Gach rialachán a dhéanfar faoi alt 4 (2) (seachas rialachán dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo) nó faoi alt 5(1)(b) nó (1)(d) den Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithé is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

8.—Leasaítear leis seo alt 2 d’Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961—

Leasú ar alt 2 d’Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961.

(a) trí “Faoi réir fho-alt (3A) den alt seo (arna chur isteach le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha)(Leasú), 1991), baineann an t-alt seo le” a chur in ionad “Baineann an t-alt seo le” i bhfo-alt (1), agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ar dhuine ar bith lena mbaineann an t-alt seo d’fháil bháis agus é i seilbh oifige mar bhreitheamh den Chúirt Uachtarach, den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda nó den Chúirt Dúiche, deonófar d’ionadaí pearsanta dlíthiúil an duine sin aisce de mhéid is comhionann le méid bliantúil a thuarastail mar bhreitheamh tráth a bháis.

(3A) Beidh feidhm ag fo-alt (3) freisin—

(a) maidir le duine a bheidh ceaptha faoi alt 14 d’Acht 1936 chun gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Chuarda, agus

(b) maidir le duine a bheidh ceaptha faoi alt 51 den Acht sin chun gníomhú mar bhreitheamh den Chúirt Dúiche,

agus is dá réir sin a fhorléireofar ‘breitheamh’ san fho-alt sin.”.

Leasú ar alt 4 d’Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961.

9.—Leasaítear leis seo alt 4 d’Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961, trí “tar éis seirbhís cúig bliana nó níos mó mar Mháistir na hArd-Chúirte nó mar Mháistir Fómhais nó mar Chláraitheoir Contae, de réir mar a bheidh” a scriosadh as fo-alt (3).

Tosach feidhme ailt 2, 3 agus 8.

10.—(1) Measfar gur tháinig ailt 2 agus 3 den Acht seo i ngníomh ar an 1ú lá de Lúnasa, 1978.

(2) Measfar gur tháinig alt 8 den Acht seo i ngníomh ar an 1ú lá de Mheitheamh, 1973.

Íocaíochtaí aoisliúntais áirithe a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste agus íocaíochtaí agus caiteachais i gcoitinne.

11.—(1) Muirearófar na nithe seo a leanas ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis agus beidh siad iníoctha as an gcéanna, eadhon—

(a) aon phinsean (lena n-áirítear aon aisce tráth báis) a dheonófar do bhreitheamh nó do ghiúistís, nó ina leith, de bhun rialachán arna ndéanamh faoin Acht seo;

(b) aon phinsean a dheonófar do chéile breithimh nó giúistís, nó

d'aon leanbh dá chuid, de bhun rialachán arna ndéanamh faoin Acht seo; agus

(c) aon suim a bheidh le híoc ag an Aire i leith breithimh nó giúistís de bhun rialachán arna ndéanamh faoin Acht seo.

(2) Aon íocaíochtaí (seachas íocaíochtaí lena mbaineann fo-alt (1) den alt seo) a dhéanfar agus aon chaiteachais a thabhfófar chun éifeacht a thabhairt don Acht seo agus chun é a riar, íocfar iad, a mhéid a cheadóidh an tAire, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

12.—(1) Féadfar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

(2) Déanfar an tAcht seo, sa mhéid go leasaíonn nó go leathnaíonn sé Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1988, a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna sin mar aon ní amháin, agus féadfar Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1991, a ghairm de na hAchtanna sin agus den Acht seo le chéile.

(3) Déanfar an tAcht seo, sa mhéid go leasaíonn nó go leathnaíonn sé Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961, a fhorléiriú i dteannta Achtanna na nOifigeach Cúirte, 1926 go 1961, mar aon ní amháin, agus féadfar Achtanna na nOifigeach Cúirte, 1926 go 1991, a ghairm de na hAchtanna sin agus den Acht seo le chéile.